COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT

State Examinations Commission

Leaving Certificate Examination 2007

Geography

Geographical Investigation (20% of Total Marks)

Prescribed List of Investigation Topics

General Information

- Investigation Topics are common to Higher and Ordinary Level.
- ***All candidates*** *(Higher and Ordinary)* are required to complete and submit a report on **one** investigation topic selected from the list of **six** given overleaf.
- **Candidates are required to submit the report on the investigation using the official Geographical Investigation Reporting Booklet, which will be issued by the State Examinations Commission in October 2006.**
- The date for submission to the teacher of completed investigation reports will be **28 April 2007**.
- Reports will be retained securely in schools until the day of the written examination in June, when the centre superintendents will associate them with the relevant written scripts, for transmission to Athlone.

List of Geographical Investigation Topics

List of Geographical Investigation Topics

1. **Geomorphic processes of transportation and deposition in a fluvial, coastal or glaciated environment**
2. **Changing population structure in a local area**
3. **Development of a local transport infrastructure**
4. **Changing land-use in a rural or urban setting**
5. **A study of an individual economic enterprise in a local setting**
6. **Analysis of waste management strategy in a local area**

N.B. Each candidate is required to complete a report on one of the above Investigation Topics.

Information for Teachers

- Candidates will be expected to complete the Practical Coursework component – i.e. the Geographical Investigation Report - for submission to their school authorities **by April 28, 2007.**

- The report based on the selected investigation topic must be completed using the prescribed structure as set out in the Geographical Investigation Reporting Booklet**.** This booklet will be circulated to schools **in October 2006.**

- The Investigation and Report must be completed under the supervision of a teacher.

- The Report presented for assessment must be the candidate's own individual work – authenticated by the candidate and teacher.

- Primary sources should make up at least 60% of the information gathered, while secondary sources may provide the remainder. All secondary sources used [books, journals, web-sites, etc] must be duly acknowledged.

COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT

State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2007

Tíreolaíocht

Fiosrúchán Tíreolaíochta (20% de na Marcanna Iomlána)

Liosta Sonraithe na dTopaicí Fiosrúcháin

Eolas Ginearálta

- Tá na topaicí fiosrúcháin comónta ar an Ardleibhéal agus ar an nGnáthleibhéal

- Ní mór do ***gach iarrthóir*** (*Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal*) tuairisc a chur i gcrích agus a chur isteach ar thopaic fiosrúcháin **amháin** a roghnófar ón liosta **sé cinn** a thugtar thall

- **Ní mór d'iarrthóirí an tuairisc ar an bhfiosrúchán a chur isteach sa Leabhran Thuairisc Fhiosrúchán Tíreolaíochta, a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit sa Deireadh Fómhair 2006.**

- Is é **28 Aibreán 2007** an dáta chun tuairiscí fiosrúcháin comhlánaithe a thabhairt don mhúinteoir

- Coinneofar tuairiscí ar lámh shábháilte i scoileanna go dtí lá an scrúdaithe scríofa sa Mheitheamh, tráth a nascfaidh na feitheoirí ionad iad leis na scripteanna scríofa a bhaineann leo, lena seoladh ar aghaidh go dtí Baile Átha Luain.

Liosta Topaicí d'Fiosrúchán Tíreolaíochta

Liosta Topaicí d'Fhiosrúchán Tíreolaíochta

1. **Próisis gheomorfacha iompair agus sil-leagain i dtimpeallacht abhann, cósta nó oighrithe.**
2. **Struchtúr athraitheach daonra i gceantar áitiúil.**
3. **Forbairt de bonneagar iompair áitiúil.**
4. **Athrú ar an úsáid talún i gceantar tuaithe nó uirbeach.**
5. **Staidéar ar fhiontar eacnamaíochta aonair i gceantar áitiúil.**
6. **Anailís ar straitéis bainistíochta bruscair i gceantar áitiúil.**

N.B. Ní mór do gach iarrthóir tuairisc a chur i gcrích ar cheann amháin de na Topaicí Fiosrúchán sin thuas

Eolas do Mhúinteoirí

- Beifear ag súil leis go gcuirfidh na hiarrthóirí an chomhpháirt Obair Chúrsa Phraiticiúil - i.e. an Tuairisc Fhiosrúchán Tíreolaíochta – i gcrích lena cur faoi bhráid na n-údarás scoile acu faoi **28 Aibreán 2007**.

- Ní mór an tuairisc atá bunaithe ar an topaic fiosrúcháin roghnaithe a chur i gcrích de réir an struchtúir shonraithe mar atá sé leagtha amach sa Leabhrán Thuairisc Fhiosrúchán Tíreolaíochta. Cuirfear an leabhrán seo chun scoileanna sa **Deireadh Fómhair 2006**.

- Ní mór an Fiosrúchán agus an Tuairisc a chur i gcrích faoi mhaoirseacht mhúinteora.

- Obair indibhidiúil an iarrthóra féin amháin is cóir a bheith sa Tuairisc a chuirfear isteach le haghaidh measúnachta – agus é sin deimhnithe ag an iarrthóir agus ag an múinteoir.

- Is cóir bunfhoinsí a bheith mar bhonn le 60% ar a laghad den eolas a chruinneofar, agus is féidir foinsí tánaisteacha a úsáid don chuid eile. Ní mór na foinsí tánaisteacha ar fad a úsáidtear [leabhair, tréimhseacháin, suíomhanna gréasáin, etc.] a admháil mar is cuí.